

Vacsainí sa bhreis

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi vacsaíní sa bhreis in ospidéal i mBaile Átha Cliath. Gan féachaint ar an mír go fóill, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal agus na bhfrásaí seo a aimsiú?

1. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte _____
2. treoirlínte _____
3. ar tí _____
4. ag dul ó mhaith _____
5. dáileog _____
6. tháinig sé chun cinn _____
7. gaolta _____
8. i dtaca le _____
9. grúpaí leochaileacha _____
10. idir an dá linn _____



Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin libh.

Ceist 2

Féach ar an tuairisc arís agus scríobh achoimre ghearr ar ábhar na míre. Cuir d'achomre i gcomparáid le ceann an duine in aice leat.

Ceist 3

Féach ar an mír arís agus breac síos pointe amháin eolais faoi na daoine/na nithe seo a luadh inti.

| | |
|------------------------------|--|
| FFS | |
| Ospidéal an Choim | |
| Polaiteoirí | |
| 37 | |
| Tíortha leochaileacha | |

| | |
|----------------|--|
| | |
| Áras Mhic Dara | |

Ceist 4 ‘...gan ach fógra gearr a thabhairt dóibh...’

Is é an 3ú pearsa iolra den fhorainm réamhfhoclach ‘do’ é an focal ‘dóibh’.

A. Líon na bearnaí sa bhosca chun gach pearsa de na forainmneacha réamhfhoclacha thíos a léiriú.

| | 1ú uatha | 2ú uatha | 3ú uatha (fir.) | 3ú uatha (bn.) | 1ú iolra | 2ú iolra | 3ú iolra |
|----|----------|----------|-----------------|----------------|----------|----------|----------|
| ar | | | | | | | |
| ag | | | | | | | |
| de | | | | | | | |
| do | | | | | | | |

B. Scríobh amach deich n-abairt faoi do shaol anois, ag baint úsáid as na forainmneacha réamhfhoclacha sa bhosca. Mar shampla:

Tá beirt deartháireacha agam.

C. Bíodh dhá abairt as an deich a scríobhann tú **bréagach!**

D. Léigh amach do chuid abairtí don duine in aice leat agus iarr orthu an dá abairt bhréagacha a thomhas.

Ceist 5 ‘...gur tugadh...’

Breac síos gach sampla den saorbhriathar, aimsir chaite a chloiseann tú sa mhír.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cén uair a bheidh an vacsaín agat féin, dar leat?
2. An síleann tú go bhfuil Rialtas na hÉireann ag déileáil go héifeachtach le géarchéim na paindéime? Cén fáth?
3. Cén uair a bheidh an saol sa tír ar ais mar bhí dhá bhliain ó shin?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte *HSE*
2. treoirlínte *guidelines*
3. ar tí *about to*
4. ag dul ó mhaith *deteriorating, becoming useless*
5. dáileog *dose*
6. tháinig sé chun cinn *it came to light*
7. gaolta *relations*
8. i dtaca le *in relation to*
9. grúpaí leochaileacha *vulnerable groups*
10. idir an dá linn *in the meantime*

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Nuair atá an tábla líonta isteach ag na foghlaimoírí, iarr orthu deich n-abairt a scríobh fúthu féin, a bhfuil dhá cheann díobh bréagach. Abair leo na habairtí a léamh amach dá chéile agus buille faoi thuairim a thabhairt faoi na cinn bhréagacha.

| | 1ú uatha | 2ú uatha | 3ú uatha (fir.) | 3ú uatha (bn.) | 1ú iolra | 2ú iolra | 3ú iolra |
|----|----------|----------|--------------------|-------------------|----------|----------|----------|
| ar | orm | ort | air | uirthi | orainn | oraibh | orthu |
| ag | agam | agat | aige | aice | againn | agaibh | acu |
| de | díom | díot | de | di | dínn | díbh | díobh |
| do | dom | duit | dó | di | dúinn | daoibh | dóibh |

Ceist 5

- gur tugadh (go dtugadh)
- tugadh
- nár cuireadh
- gur tugadh
- rinneadh
- tugadh

Ceist 6

Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceistanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt

Tá sé ráite ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte gur eisigh siad treoirínite ar an dara lá déag d'Eanáir maidir le dáileadh vacsaíní atá ar tí dul ó mhaith. Tháinig sé chun cinn ag an deireadh seachtaine gur tugadh vacsaíní sa bhreis do ghaolta bhaill foirne Ospidéal an Choim i mBaile Átha Cliath ar an ochtú lá d'Eanáir. D'admhaigh an Rotunda tráthnóna, gur tharla an rud céanna ansin.

Caoimhe Ní Laighin

Ar an ochtú lá de mhí Eanáir, tugadh breis agus míle dáileog den vacsaín i gcoinne COVID-19 do bhaill foirne in Ospidéal an Choim, i mBaile Átha Cliath. Bhí sé dháileog déag fágtha. 'Rachadh na vacsaíní sin ó mhaith mura n-úsáidfí iad,' a dúirt bainistíocht an ospidéil i ráiteas. Nuair nár cuireadh ar an eolas iad faoi aon oibrí eile a bhféadfaí dáileog a thabhairt dó, dúirt lucht an ospidéil gur tugadh na vacsaíní do dhaoine muinteartha do bhaill foirne¹.

Rinneadh go leor cáineadh air seo inniu i measc polaiteoirí. Dúirt siad go raibh gá le prótacal soiléir i dtaca le vacsaíní a bhíonn fágtha i gcásanna mar seo. Dúirt Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte inniu gur eisigh siad treoirínite ar an dara lá déag de mhí Eanáir maidir le prótacal i gcásanna mar seo; gur chóir liosta oibríthe sláinte a bheith ann a d'fhéadfadh an vacsaín a ghlacadh gan ach fógra gearr a thabhairt dóibh.

Agus dúirt Ospidéal an Rotunda inniu go raibh 37 dáileog de vacsaín fágtha acusan tar éis babhta vacsaíniú² ar an séú lá de mhí Eanáir. Tugadh iad do dhochtúirí teaghlaigh agus do bhaill de ghrúpaí leochaileacha eile, a dúirt lucht an ospidéil inniu, sula n-imeoidís ó mhaith.

Idir an dá linn, dúirt an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte inniu, go bhfuil an domhan ar fad ar tí loiceadh go tubaisteach ar thíortha leochaileacha ó thaobh dháileadh na vacsaíne de. Mhol an dochtúir, Tedros Adhanom Ghebreyesus, Ard-Stiúrthóir na heagraíochta, do thíortha agus don lucht déantúsaíochta na vacsaíní a roinnt go cothrom.

Sa mbaile arís. Agus bhí na chéad othair in Áras Mhic Dara ar an gCeathrú Rua ag fáil vacsaíní thar an deireadh seachtaine. Thomas Mac Donncha, Bríd Nic Dhonncha agus an t-altra, Nóirín Ní Chonghaile.

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4.

¹ *muinteartha le a dúradh*

² *babhta vacsaínithe an leagan caighdeánach*